# Nuachtlitir Innealtóireacht

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Tháinig ann don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí **chun múinteoirí a spreagadh,cabhrú leo** agus iad **a chumasú** le hoideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ón bhonn.

Earrach 2023 - Eagran 13

## Féile Foghlaim Ghairmiúil SSM




Beidh ócáid seimineár ghréasáin na hInnealtóireachta ar siúl Déardaoin an 30 Márta 2023 ó 6:30pm go 7:30pm.
Ócáid bheo Zoom a bheas ann agus díreoidh sí ar an ngearrthóir léasair agus ar na bealaí ar féidir leis tacú le hoideolaíocht sa seomra Innealtóireachta. Tá súil againn go mbeidh tú linn ar an oíche. Cliceáil ar an nasc anseo chun clárú don OFL

Clárú anseo

## ..... sa Nuacht!

Cruthaíodh próiseas nua déanta iarann ísealcharbóin darb ainm Biolron tar éis tástálacha a bheith déanta ag foirne domhanda saineolaithe lena n-áirítear Grúpa Innealtóireachta Próisis Microwave in Ollscoil Nottingham.


Úsáideann an próiseas Biolron bithmhais ligniceallalósach cosúil le tuí cruithneachta, cána siúcra bagáis, bataí canóla nó tuí eorna in ionadgual cóic. Cumasctar an bhithmhais le hamhiarann agus téitear é le meascán de gháis dócháin a scaoiltear ón mbithmhais agus micreathonnta ardéifeachtúlachta, ar féidir le fuinneamh in-athnuaite iad a chumhachtú. Athraíonn an próiseas amhiarann Pilbara ina iarann miotalach don phróiseas déanta cruach, agus tugann sé sin rogha chost-éifeachtúil a d'fhéadfadh astaíochtaí carbóin tionscail a laghdú go mór.




Chun tuilleadh eolais a fháil, lean an nasc seo:
https://www.theengineer.co.uk/content/news/biolron-process-shows-potential-for-low-carbon-steel-making
Roinnt torthaí foghlama féideartha a bhaineann leis an bpróiseas seo:
1.5 taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna na bhforbairtí teicneolaíochta reatha agus atá ag teacht chun cinn
1.8 uirlisí agus trealamh atá oiriúnach do thasc ar leith a aithint
2.7 a eolas faoi na hairíonna a bhaineann le raon ábhair innealtóireachta a chur i bhfeidhm
3.11 a rogha córas is cuí do chuspóir sonraithe a chosaint

## Acmhainní úsáideacha

Tá sraith acmhainní Meicitreonaice agus Rialaithe Feidhmeacha curtha le chéile ag an bhfoireann Innealtóireachta. Díríonn an acmhainn ar úsáid Micro:bit. Tá naisc bheo sa leabhrán le físeáin teagaisc chomh maith le réitigh théacsbhunaithe a ghlacfaidh tú trí phróiseas ríomhchláraithe roinnt oibríochtaí. Is féidir teacht ar an acmhainn ach cliceáil ar íomhá na hacmhainne thall nó cliceáil anseo.




## OIDE

Ar an 1 Meán Fómhair 2023, bunófar seirbhís tacaíochta nua-chomhtháite darb ainm Oide. Faoi láthair, tá ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí aonair ann a sholáthraíonn réimse leathan tacaí leanúnacha don bhunscoil, don iar-bhunscoil agus do scoileanna speisialta, lena n-áirítear imeachtaí foghlaim ghairmiúil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Is iad sin: An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS), an tSraith Sóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin Oide anseo agus/nó Oide a leanúint ar an gcóras Giolcaireachta.

## Coinnigh i dteagmháil!

Chun a bheith ar an eolas faoi JCt4 Engineering, le do thoil cuir isteach ar ár liosta seoltaí agus lean sinn ar Twitter @JCt4ed.


Barry Nolan


Ciaran Callaghan


Francis O Farrell

@JCt4ed
info@jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers